2025/2516

11.12.2025

CINNEADH (AE) 2025/2516 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Nollaig 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chomhar Custaim arna bhunú faoin gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chlár oibreoirí eacnamaíocha údaraithe an Aontais agus do chlár oibreoirí eacnamaíoch údaraithe Phoblacht na Tuirce

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc ([1]) ('an Comhaontú Comlachais') in Ankara an 12 Meán Fómhair 1963. Sainítear leis raon feidhme agus inneachar an chaidrimh comhlachais. Leagtar síos rialacha maidir le céim dheiridh an Aontais Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc i gCinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 ([2]), a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 1995 ('Cinneadh Uimh. 1/95').

(2) Bunaíodh an Chomhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc ('an Chomhairle Comhlachais') de bhun Airteagal 6 den Chomhaontú Comhlachais. De bhun Airteagal 24 den Chomhaontú Comhlachais, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh coistí a bhunú chun cúnamh a thabhairt di a cúraimí a chomhlíonadh.

(3) Bunaíodh an Coiste um Chomhar Custaim le Cinneadh Uimh. 2/69 ón gComhairle Comhlachais an 15 Nollaig 1969 ([3]) ('Cinneadh Uimh. 2/69').

(4) Sonraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Uimh. 2/69 'go mbeidh'an Coiste um Chomhar Custaim freagrach as comhar riaracháin a áirithiú idir na Páirtithe Conarthacha d'fhonn a áirithiú go gcuirfear forálacha custaim an Chomhaontaithe Comhlachais i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach agus as aon chúram eile i réimse an chustaim a dhéanamh a fhéadfaidh an Coiste Comhlachais a chur de chúram air'.

(5) De bhun Airteagal 28(3) de Chinneadh Uimh. 1/95, tá an Coiste um Chomhar Custaim chun na bearta iomchuí a leagan síos chun na forálacha custaim atá san Airteagal sin a chur chun feidhme.

(6) Slándáil agus sábháilteacht, agus éascú an tslabhra soláthair trádála idirnáisiúnta, is féidir iad sin a fheabhsú trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcuid clár comhpháirtíochta trádála, is é sin clár oibreoirí eacnamaíocha údaraithe (OEÚ) an Aontais agus clár náisiúnta OEÚ Phoblacht na Tuirce ('an Tuirc').

(7) Tá an dá chlár OEÚ bunaithe ar chaighdeáin slándála a aithnítear ar fud an domhain agus a mholtar sa Chreat Caighdeán SAFE chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú ar ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim é i mí an Mheithimh 2005 ('Creat SAFE').

(8) Cuirtear ar chumas na bPáirtithe Conarthacha, trí aitheantas frithpháirteach, sochair éascaitheacha a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil infheistíocht déanta acu i slándáil an tslabhra soláthair agus a bhfuil údarú tugtha dóibh faoina gcuid clár féin.

([1]) IO L 361, 31.12.1977, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1964/732/oj.
([2]) Cinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme (IO L 35, 13.2.1996, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1(5)/oj).
([3]) Níl an cinneadh foilsithe.

(9) Is léir ó chuairteanna ar an láthair agus meastóireacht chomhpháirteach ar chláir OEÚ san Aontas agus sa Tuirc go bhfuil a gcuid caighdeán cáilíochta, chun críoch slándála agus sábháilteachta, comhoiriúnach agus go mbíonn torthaí coibhéiseacha dá dtoradh.

(10) Tá an Coiste um Chomhar Custaim chun cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chlár OEÚ (an chuid slándála) an Aontais agus do chlár OEÚ na Tuirce, agus déanfaidh sé an méid sin le linn an chruinnithe a bheidh aige in 2026 nó trí nós imeachta i scríbhinn má chomhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha amhlaidh.

(11) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chomhar Custaim a bhunú ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag a chinneadh maidir le haitheantas frithpháirteach ar chláir OEÚ,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chomhar Custaim arna bhunú faoin gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comphobal Eorpach agus an Tuirc a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chlár oibreoirí eacnamaíocha údaraithe an Aontais agus do chlár oibreoirí eacnamaíoch údaraithe Phoblacht na Tuirce, is ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Chomhar Custaim atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bheidh an seasamh sin bunaithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. DANIELSEN

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. …/2026 ÓN gCOISTE UM CHOMHAR CUSTAIM IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN TUIRC

an ....

maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chlár oibreoirí eacnamaíocha údaraithe an Aontais Eorpaigh agus do chlár oibreoirí eacnamaíocha údaraithe Phoblacht na Tuirce

TÁ AN COISTE UM CHOMHAR CUSTAIM,

AG FÉACHAINT DON Chomhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc a síníodh in Ankara an 12 Meán Fómhair 1963 ([1]) agus go háirithe Airteagal 2(1) agus Airteagal 7 de agus Cinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 maidir leis an gcéim dheiridh den Aontas Custaim a chur chun feidhme ([2]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointe (c), agus Airteagal 28(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le hAirteagal 2(1) den Chomhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc arna shíniú in Ankara an 12 Meán Fómhair 1963 ('an Comhaontú Comhlachais') gurb é 'is aidhm don Chomhaontú seo neartú leanúnach cothrom an chaidrimh trádála agus eacnamaíoch idir na Páirtithe a chur chun cinn'.

(2) Sonraítear in Airteagal 7 den Chomhaontú Comhlachais 'go ndéanfaidh na Páirtithe Conarthacha gach beart is iomchuí, bíodh sé ginearálta nó sonrach, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú seo'.

(3) Bunaítear le hAirteagal 28(1), pointe (c), de Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 ('an Cinneadh maidir leis an Aontas Custaim') go bhfuil Poblacht na Tuirce ('an Tuirc') le forálacha bunaithe ar Chód Custaim an Chomhphobail agus lena fhorálacha cur chun feidhme a ghlacadh sa réimse a bhaineann, i measc nithe eile, le hearraí a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais Custaim.

(4) Bunaítear le hAirteagal 28(3) den Chinneadh maidir leis an Aontas Custaim go bhfuil an Coiste um Chomhar Custaim chun na bearta iomchuí a leagan síos chun na forálacha sin a chur chun feidhme.

(5) Slándáil agus sábháilteacht, agus éascú an tslabhra soláthair trádála idirnáisiúnta, is féidir iad sin a fheabhsú trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcuid clár comhpháirtíochta trádála, is é sin clár oibreoirí eacnamaíocha údaraithe (OEÚ) san Aontas agus clár náisiúnta OEÚ na Tuirce.

(6) Tá an dá chlár OEÚ bunaithe ar chaighdeáin slándála a aithnítear ar fud an domhain agus a mholtar sa Chreat Caighdeán SAFE chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú ar ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim é i mí an Mheithimh 2005 ('Creat SAFE').

(7) Cuirtear ar chumas na bPáirtithe Conarthacha, trí aitheantas frithpháirteach, sochair éascaitheacha a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil infheistíocht déanta acu i slándáil an tslabhra soláthair agus a bhfuil údarú tugtha dóibh faoina gcuid clár féin.

(8) Is léir ó chuairteanna ar an láthair agus meastóireacht chomhpháirteach ar chláir OEÚ san Aontas agus sa Tuirc go bhfuil a gcuid caighdeán cáilíochta, chun críoch slándála agus sábháilteachta, comhoiriúnach agus go mbíonn torthaí coibhéiseacha dá dtoradh.

(9) Sonraítear i gCinneadh 2/69 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 15 Nollaig 1969 lena mbunaítear an Coiste um Chomhar Custaim ([3]), agus go háirithe Airteagal 2 de, go bhfuil an Coiste um Chomhar Custaim le bheith freagrach as comhar riaracháin a áirithiú idir na Páirtithe Conarthacha d'fhonn a áirithiú go gcuirfear forálacha custaim an Chomhaontaithe Comhlachais i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach agus as aon chúram eile i réimse an chustaim a dhéanamh a fhéadfaidh an Coiste Comhlachais a chur de chúram air,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) IO CE L 361, 31.12.1977, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1964/732/oj.
([2]) IO CE L 35, 13.2.1996, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1(5)/oj.
([3]) Níl an cinneadh foilsithe.

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tagraítear don Aontas Eorpach ('an tAontas') agus do Phoblacht na Tuirce ('an Tuirc') ina n-aonar mar 'Páirtí' nó le chéile mar 'Páirtithe', agus tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'Údarás Custaim' údarás custaim Ballstáit den Aontas nó údarás custaim na Tuirce, dá ngairtear le chéile 'Údaráis Chustaim' anseo feasta;

(2) ciallaíonn 'Oibreoir eacnamaíoch' duine atá rannpháirteach i ngluaiseacht idirnáisiúnta earraí;

(3) ciallaíonn 'Sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ('ábhar sonraí'); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de na tosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin);

(4) ciallaíonn 'Clár':

(a) san Aontas: stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe (OEÚ) an Aontais le haghaidh slándála agus sábháilteachta a deonaíodh faoi Airteagal 38(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

(b) sa Tuirc: clár OEÚ dá bhforáiltear faoi Airteagal 5/A den Chód Custaim (Uimh. 4458) ([5]) agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Imréitigh Custaim a Éascú ([6]);

(5) ciallaíonn 'Comhaltaí Cláir' oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil stádas OEÚ acu san Aontas agus oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil stádas ballraíochta acu sa Tuirc dá dtagraítear i bpointe (4) nuair a dhéantar tagairt dóibh i dteannta a chéile.

Airteagal 2

Aitheantas frithpháirteach agus cur chun feidhme an Chinnidh seo

1. Aithnítear go frithpháirteach leis seo go bhfuil Cláir an Aontais agus na Tuirce comhoiriúnach agus glactar go frithpháirteach leis na stádais OEÚ chomhfhreagracha a deonaíodh.

2. Cuirfidh na Páirtithe an Cinneadh seo i bhfeidhm lena nÚdaráis Chustaim féin.

Airteagal 3

Comhoiriúnacht

1. Oibreoidh na hÚdaráis Chustaim i gcomhar chun an chomhoiriúnacht idir a gCláir a choinneáil ar bun, go háirithe maidir leis na cásanna seo a leanas:

(a) an próiseas um iarratas a dhéanamh ar stádas agus ballraíocht OEÚ;

(b) na hiarratais a mheasúnú;

(c) stádas agus ballraíochta OEÚ a dheonú;

(d) bainistiú, faireachán, fionraí, athmheasúnú, agus cúlghairm stádas agus bhallraíocht OEÚ;

(e) comhar idir Údaráis Chustaim agus údaráis chomhshaoil a chur chun cinn chun comhlíontacht stádas agus bhallraíocht OEÚ le caighdeáin chomhshaoil idirnáisiúnta a chur chun cinn.

2. Áiritheoidh na Páirtithe go bhfeidhmíonn a gcláir chomhpháirtíochta trádála laistigh de chaighdeáin ábhartha Chreat SAFE.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO AE L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).
([5]) IO Phoblacht na Tuirce 23866, 4.11.1999 lgh. 9-69 (athmhúnlú IO 27281, 7.7.2009).
([6]) IO Phoblacht na Tuirce 28524, 10.1.2013. lgh. 11-59.

Airteagal 4

Sochair

1. Soláthróidh gach Údarás Custaim sochair do Chomhaltaí Cláir an Údaráis Custaim eile, sochair atá inchomparáide leis na sochair a sholáthraíonn sé dá Chomhaltaí Cláir féin.

2. Áirítear leis na sochair dá dtagraítear i mír 1:

(a) níos lú rialuithe a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht: cuireann gach Údarás Custaim an stádas atá ag Comhalta Cláir arna dheonú ag an Údarás Custaim eile san áireamh go fabhrach ina mheasúnú riosca chun iniúchtaí nó rialuithe a laghdú agus i mbearta eile a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht;

(b) tosaíocht a thabhairt don iniúchadh ar choinsíneachtaí a chumhdaítear le dearbhuithe imeachta nó iontrála achomair agus dearbhuithe idirthurais ina bhfuil na heilimintí sonraí céanna is gá iontu le haghaidh dearbhuithe iontrála achomair nó imeachta achomair, arna dtaisceadh ag Comhalta Cláir má chinneann an tÚdarás Custaim dul ar aghaidh le cigireacht;

(c) aitheantas ar stádas comhpháirtithe gnó le linn an phróisis iarratais: cuireann gach Údarás Custaim stádas Chomhalta Cláir arna dheonú ag an Údarás Custaim eile san áireamh d'fhonn déileáil leis an gComhalta Cláir mar chomhpháirtí slán sábháilte agus measúnú á dhéanamh ar cheanglais na gcomhpháirtithe gnó le haghaidh iarratasóirí faoina gClár féin;

(d) sásra um leanúnachas gnó: féachann an dá Údarás Custaim le sásra um leanúnachas gnó a bhunú chun freagairt do bhriseadh i sreafaí trádála i ngeall ar mhéaduithe ar leibhéil rabhaidh slándála, iaimh teorann nó tubaistí nádúrtha, éigeandálaí guaiseacha nó mórtheagmhais eile ina bhféadfadh Údaráis Chustaim lastais tosaíochta a bhaineann le Comhaltaí Cláir a éascú agus a bhrostú a mhéid is féidir.

3. Tar éis an phróisis athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 7(5), féadfaidh gach Údarás Custaim sochair éascaithe bhreise a sholáthar i gcomhar le húdaráis rialtais eile ar a chríoch, agus féadfaidh sruthlíniú próiseas agus méadú ar intuarthacht ghluaiseachta ag an teorainn a bheith san áireamh leis na sochair sin, a mhéid is féidir, trí mhearlánaí a bhunú ag teorainneacha talún, mar shampla.

4. Maidir le gach Údarás Custaim:

(a) ní fhéadfaidh sé na sochair dá bhforáiltear faoin gCinneadh seo do Chomhalta Cláir den Údarás Custaim eile a chur ar fionraí ach amháin ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo agus atá coibhéiseach leis na cúiseanna a gcuirfeadh sé Comhalta Cláir ar fionraí óna Chlár ina leith, nuair a fhaightear, mar shampla, go raibh baint ag an gComhalta Cláir le teagmhas a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil;

(b) déanfaidh sé, laistigh de thréimhse réasúnta, an fhionraí a oibrítear faoi phointe (a) agus na cúiseanna a ghabhann léi a chur in iúl don Údarás Custaim eile trí sheirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh.

5. Déanfaidh gach Údarás Custaim, nuair is iomchuí leis, neamhrialtachtaí a bhaineann le Comhalta Cláir de Chlár an Údaráis Custaim eile a thuairisciú don Údarás Custaim sin trí sheirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh chun anailís láithreach ar a oiriúnach atá na socair agus an stádas a dheonaigh an tÚdarás Custaim eile a áirithiú.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuireann an Cinneadh seo teorainn le Páirtí ná le hÚdarás Custaim faisnéis a iarraidh de bhun an chúnaimh riaracháin fhrithpháirtigh dá dtagraítear in Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an gCinneadh maidir leis an Aontas Custaim nó ionstraim eile is infheidhme idir na Páirtithe, nó idir na hÚdaráis Chustaim.

Airteagal 5

Faisnéis agus cumarsáid a mhalartú

1. Feabhsóidh na Páirtithe a gcuid cumarsáide chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go héifeachtach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) mionsonraí na gComhaltaí Cláir a chur ar fáil dá chéile i gcomhréir le hAirteagal 3;

(b) an tÚdarás eile a choinneáil cothrom le dáta maidir le feidhmiú agus forbairt a gClár féin go tráthúil;

(c) faisnéis a mhalartú faoi bheartais agus treochtaí a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair; agus

(d) cumarsáid éifeachtach a áirithiú trí sheirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus Údarás Custaim na Tuirce chun cleachtais bainistithe riosca a fheabhsú ó thaobh shlándáil an tslabhra soláthair de.

2. Déanfaidh seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus Údarás Custaim na Tuirce an fhaisnéis agus an chumarsáid a mhalartú eatarthu féin faoi chuimsiú an Chinnidh seo.

3. Tar éis dó toil a fháil óna gComhalta Cláir féin, seolfaidh gach Páirtí na mionsonraí seo a leanas faoin gComhalta Cláir sin chuig an bPáirtí eile:

(a) ainm;

(b) seoladh;

(c) stádas ballraíochta, is é sin, údaraithe, curtha ar fionraí, cúlghairthe nó curtha ar ceal;

(d) dáta bailíochtaithe nó údaraithe nuair atá sé ar fáil;

(e) uimhir aitheantais uathúil (mar shampla: uimhreacha EORI nó OEÚ); agus

(f) mionsonraí eile a fhéadfar a chinneadh go frithpháirteach idir na Páirtithe i scríbhinn agus iad faoi réir, nuair is infheidhme, aon choimirce is gá.

4. Ní áirítear sna mionsonraí dá dtagraítear i mír 3, pointe (c), na cúiseanna leis an bhfionraí, leis an gcúlghairm nó leis an gcealú.

5. Malartóidh na Páirtithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 ar bhealach atá córasach trí bhíthin leictreonach.

6. Féadfaidh gach Údarás Custaim a phointí teagmhála náisiúnta a roinnt chun déileáil le haon saincheist a bhaineann le himréiteach earraí Comhaltaí Cláir.

Airteagal 6

Cosaint Sonraí

1. Ní úsáidfidh gach Údarás Custaim sonraí pearsanta faoin gCinneadh seo ach amháin más gá agus a mhéid is gá chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú.

2. Gheobhaidh gach Údarás Custaim an formheas i scríbhinn roimh ré ón Údarás Custaim atá á chur in iúl a sheol an fhaisnéis (‘an tÚdarás atá á chur in iúl’) chun an fhaisnéis sin a úsáid chun críocha eile. Aon úsáid den chineál sin, beidh sí faoi réir aon srianta a leagann an t-údarás sin síos.

3. D’ainneoin mhír 2, féadfaidh an tÚdarás Custaim a fhaigheann an fhaisnéis faoin gCinneadh seo (‘an tÚdarás Custaim is faighteoir’) an fhaisnéis sin a úsáid in aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a thionscnaítear i gcás nach gcomhlíontar a reachtaíocht chustaim féin, lena n-áirítear sna taifid fianaise, na tuarascálacha agus an fhianaise ó na finnéithe. Tabharfaidh an tÚdarás Custaim is faighteoir fógra don Údarás Custaim atá á chur in iúl roimh úsáid den sórt sin.

4. Cuirfidh gach Údarás Custaim na coimircí íosta seo a leanas i bhfeidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta a fhaightear ón Údarás Custaim eile:

(a) ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach i ndáil leis na Comhaltaí Cláir lena mbaineann;

(b) ní mór sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil ar son an chuspóra shonraigh fhollasaigh dhlisteanaigh a bhaineann le cur chun feidhme an Chinnidh seo agus ní mór don Údarás Custaim atá á chur in iúl ná don Údarás Custaim is faighteoir gan tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach leis an gcuspóir sin;

(c) ní mór na sonraí pearsanta a bheith cruinn agus iad a choimeád cothrom le dáta;

(d) maidir le sonraí pearsanta a choimeád i bhfoirm lena gcumasaítear sainaithint na gComhaltaí Cláir ba cheart iad a choimeád san fhoirm sin ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse is gá chun na críche dár bailíodh na sonraí nó dá bhfuil tuilleadh próiseála á déanamh orthu;

(e) faisnéis a fhaightear faoin gCinneadh seo, ní mór í a phróiseáil ar bhealach lena n-áirithítear slándáil leormhaith na sonraí pearsanta, lena gcuirtear rioscaí sonracha na próiseála san áireamh, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scriosadh nó damáiste de thaisme, agus bearta teicniúla nó eagraíochtúla iomchuí á n-úsáid; déanfaidh an tÚdarás Custaim is faighteoir bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar shárú sonraí, agus cuirfidh sé an tÚdarás Custaim atá á chur in iúl ar an eolas faoin sárú sin gan moill mhíchuí;

(f) glacfaidh an tÚdarás Custaim atá á chur in iúl agus an an tÚdarás Custaim is faighteoir araon gach céim réasúnach chun ceartú nó léirscriosadh, mar is iomchuí, sonraí pearsanta a áirithiú gan mhoill i gcás nach gcomhlíonann an phróiseáil an tAirteagal seo, go háirithe toisc nach raibh na sonraí sin leormhaith, ábhartha, cruinn nó toisc go bhfuil siad iomarcach i ndáil le críoch na próiseála. Áirítear leis sin an fógra a thugtar don Údarás Custaim eile maidir le haon cheartú nó léirscriosadh;

(g) arna iarraidh sin, cuirfidh an tÚdarás Custaim is faighteoir an tÚdarás Custaim atá á chur in iúl ar an eolas faoi úsáid na sonraí a cuireadh in iúl agus faoi chur chun feidhme na gcoimircí i ndáil leis na sonraí sin;

(h) tá an t-údarás custaim atá á chur in iúl agus an tÚdarás Custaim is faighteoir faoi oibleagáid taifead i scríbhinn a dhéanamh ar an gcur in iúl agus ar fháil na sonraí pearsanta;

(i) beidh sé de cheart ag Comhaltaí Cláir, faoi réir teorainneacha riachtanacha comhréireacha arna mbunú le dlí chun forais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail a chosaint, faisnéis a fháil maidir le próiseáil a sonraí pearsanta, rochtain a fháil ar na sonraí sin agus sonraí míchruinne nó sonraí a próiseáladh go neamhdhleathach a cheartú nó a léirscriosadh;

(j) beidh sé de cheart ag Comhaltaí Cláir, gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach eile, leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i leith shárú na gcoimircí thuasluaite.

5. Tabharfaidh gach Údarás Custaim fógra don Údarás Custaim eile go gasta má chinneann sé gur sheol sé faisnéis mhíchruinn nó easnamhach chuig an Údarás Custaim eile, nó nach féidir brath uirthi, nó gur sháraigh an faighteoir an Cinneadh seo, nó gó sárófar úsáid bhreise na faisnéise an Cinneadh seo.

6. Déanfaidh gach Údarás Custaim foráil maidir le rochtain ar shásamh riaracháin nó athbhreithniú breithiúnach a bheith ag Comhaltaí Cláir, a mhéid a bhaineann sé lena sonraí pearsanta, gan beann ar a náisiúntacht ná a dtír chónaithe.

7. Foilseoidh na hÚdaráis Chustaim faisnéis chun Comhaltaí Cláir a choinneáil ar an eolas maidir leis na roghanna atá acu chun sásamh riaracháin nó athbhreithniú breithiúnach a iarraidh.

8. Beidh comhlíonadh an tAirteagal seo ag gach Údarás Custaim faoi réir maoirseacht óna údarás inniúil neamhspleách féin, rud a áiritheoidh formhaoirseacht agus go bhfaighfear aon ghearán a bhainfidh le neamhchomhlíonadh maidir le láimhseáil faisnéise, go ndéanfar imscrúdú orthu, go dtabharfar freagra orthu agus go dtabharfar sásamh iomchuí ina leith. Áirítear leis na húdaráis sin:

(a) san Aontas: an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó a chomharba, agus údaráis cosanta sonraí na mBallstát;

(b) sa Tuirc: Údarás Cosanta Sonraí Pearsanta (KVKK) Phoblacht na Tuirce.

Airteagal 7

Cur chun feidhme, comhairliúchán, faireachán agus athbhreithniú

1. Réiteoidh na Páirtithe aon fhadhb a bhaineann le cur chun feidhme an Chinnidh seo trí chomhairliúcháin faoi choimirce an Choiste um Chomhar Custaim.

2. Rachaidh an dá Pháirtí i ndlúthchomhar le chéile maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo agus déanfaidh siad faireachán tráthrialta air seo trí bhíthin cuairteanna comhpháirteacha faireacháin tréimhsiúla ar an láthair chun láidreachtaí agus laigí féideartha a aithint i gCláir an dá Pháirtí.

3. Go sonrach, oibreoidh an dá Pháirtí i ndlúthchomhar le chéile maidir le cur chun feidhme Airteagal 3 agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas faoi aon nuashonrú nó aon athrú ar a gcláir, déanfaidh siad measúnú i dtaobh an bhféadfadh na hathruithe sin tionchar a imirt ar chomhoiriúnacht chláir an dá Pháirtí lena n-áirítear trí chuairteanna comhpháirteacha faireacháin ar an láthair agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad bearta chun comhoiriúnacht leanúnach na gclár a áirithiú.

4. Oibreoidh an dá Pháirtí i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go n-úsáidfidh na Comhaltaí Cláir an Cinneadh seo.

5. Déanfaidh an Coiste um Chomhar Custaim athbhreithniú tráthrialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas athbhreithnithe, go háirithe:

(a) malartú tuairimí ó thaobh mionsonraí a mhalartaítear agus sochair dá dtagraítear in Airteagal 4 a dheonaítear do Chomhaltaí Cláir, lena n-áirítear mionsonraí nó sochair amach anseo;

(b) malartuithe tuairimí maidir le mionsonraí faoi bhainistiú stádas OEÚ, e.g. faireachán, athmheasúnú, fionraí agus cúlghairm;

(c) malartú tuairimí ó thaobh forálacha slándála ar nós prótacail a bheadh le leanúint i rith eachtra tromchúiseach slándála agus dá éis sin (tús a chur athuair le gnó) nó nuair is ceart an t-aitheantas frithpháirteach a chur ar fionraí de réir dálaí;

(d) scrúdú a dhéanamh ar chur ar fionraí na sochar dá dtagraítear in Airteagal 4;

(e) athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Airteagal 6; agus

(f) aon athrú ar Chláir na bPáirtithe.

Airteagal 8

Forálacha críochnaitheacha

1. Féadfaidh an Coiste um Chomhar Custaim an Cinneadh seo a leasú. Tiocfaidh an leasú i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta a dtugtar tuairisc air in Airteagal 9.

2. Féadfaidh Páirtí comhar faoin gCinneadh seo a chur ar fionraí tráth ar bith trí fhógra 30 lá i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile. D'ainneoin an comhar faoin gCinneadh seo a chur ar fionraí, leanfaidh Údaráis Chustaim an dá Pháirtí d'Airteagal 6 a chomhlíonadh chun cosaint faisnéise a áirithiú.

3. Féadfaidh ceachtar Páirtí deireadh a chur leis an gCinneadh seo tráth ar bith le fógra a thabhairt don Pháirtí eile trí bhealaí taidhleoireachta. Tiocfaidh deireadh leis an gCinneadh seo 30 lá tar éis don Pháirtí eile an fógra i scríbhinn a fháil. D'ainneoin deireadh a chur leis an gCinneadh seo, leanfaidh na hÚdaráis Chustaim d'Airteagail 6 a chomhlíonadh chun a áirithiú go gcosnófar faisnéis.

4. I gcás foirceanta, tá ceachtar de na Páirtithe i dteideal a cheangal go ndéanfar an fhaisnéis a chuir sé in iúl, mar aon le haon chúltacaí de, a thabhairt ar ais don Pháirtí atá á chur in iúl nó a scriosadh ina hiomláine. Deimhneoidh an Páirtí atá freagrach as an scriosadh don Pháirtí eile go ndearnadh an fhaisnéis a scriosadh. Go dtí go ndéanfar an fhaisnéis a scriosadh nó a thabhairt ar ais, leanfaidh an Páirtí is faighteoir de chomhlíonadh Airteagal 6 a áirithiú. I gcás ina dtoirmisctear le dlíthe áitiúla is infheidhme maidir leis an bPáirtí is faighteoir an fhaisnéis atá á cur in iúl a thabhairt ar ais nó a scriosadh, barántaíonn an Páirtí is faighteoir go leanfaidh sé de chomhlíonadh Airteagal 6 a áirithiú agus nach bpróiseálfaidh sé an fhaisnéis ach a mhéid agus a fhad is gá faoin dlí áitiúil sin.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile gur chuir siad i gcrích na nósanna imeachta dá gcuid féin ba ghá chun é a thabhairt i bhfeidhm.

Arna dhéanamh i/in/sa …, an …

Thar ceann an Choiste um Chomhar Custaim

An tUachtarán